2026/1124

27.5.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1124 ÓN gCOIMISIÚN

## an 26 Bealtaine 2026

## maidir le socruithe próiseála isteach le haghaidh siúcra cána amh chun siúcra bán a fháil a chur ar fionraí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go hairithe Airteagal 195 agus Airteagal 229(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 195 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leagtar síos go bhféadfadh an Coimisiún socruithe próiseála isteach a chur ar fionraí i gcás ina gcuirfí isteach ar mhargadh an Aontais nó inar dhóigh go gcuirfí isteach air. Is beart ginearálta é an beart dá bhforáiltear leis an Airteagal sin, a chinneann an Coimisiún trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún.

(2) Is nós imeachta speisialta custaim í an phróiseáil isteach a leagtar síos in Airteagal 256 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), faoinar féidir earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a úsáid saor ó dhleacht agus ó mhuirear i gcríoch chustaim an Aontais in oibríocht phróiseála amháin nó níos mó sula ndéanfar iad a athonnmhairiú nó a scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais agus iad faoi réir na ndleachtanna agus na muirear allmhairiúcháin is infheidhme. Tá oibreoirí an Aontais le húdarú a iarraidh chun an nós imeachta próiseála isteach a úsáid faoi Airteagal 211(1) den Rialachán sin.

(3) Faoin bpróiseáil isteach, is ann do dhá nós imeachta: is féidir earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a allmhairiú, a phróiseáil agus a athonnmhairiú faoi dheireadh (IM-EX), nó, féadfaidh oibreoirí údarú a iarraidh le haghaidh réamhonnmhairiú táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí coibhéiseacha, arb é atá iontu earraí Aontais, agus ina dhiaidh sin, laistigh de thréimhse theoranta ama, féadfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad, a gcuirtear earraí coibhéiseacha ina n-ionad, a allmhairiú isteach san Aontas saor ó dhleacht agus ó mhuirear agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais (EX-IM). I gcás siúcra, ceadaítear le hIarscríbhinn 71-04 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([3]) earraí coibhéiseacha a úsáid idir siúcra cána amh neamh-AE a thagann faoi réim chóid AC 1701 13 90 agus 1701 14 90 agus biatas siúcra a thagann faoi réim chód AC 1212 91 80 ar choinníoll go bhfaightear táirgí próiseáilte a thagann faoi réim chód AC 1701 99 10 (siúcra bán).

(4) Féadfar gur oibreoirí éagsúla iad allmhaireoir siúcra amh saor ó dhleacht agus onnmhaireoir siúcra mhínphróiseáilte agus féadfaidh siad a bheith lonnaithe i mBallstáit éagsúla. Dá bhrí sin, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar onnmhairiú siúcra bháin nó siúcra i dtáirge próiseáilte allmhairiú siúcra amh neamh-AE saor ó dhleacht i mBallstát seachas an Ballstát inar tharla an t-onnmhairiú tosaigh. Is é treoirphrionsabal na próiseála isteach go bhfuil cainníochtaí earraí allmhairithe saor ó dhleacht agus ó mhuirear ag teacht le honnmhairí comhfhreagracha na n-earraí próiseáilte ina bhfuil na hearraí sin ionchorpraithe. I gcás EX-IM ina dtarlaíonn allmhairí i mBallstát eile, áfach, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar shiúcra a onnmhairiú ó Bhallstát amháin méadú ar infhaighteacht siúcra i mBallstát eile agus déanann sé difear don trádáil laistigh den Aontas.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

(5) A mhéid a bhaineann le margadh siúcra an Aontais ina iomláine, léiríonn staitisticí trádála Eurostat go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí faoin bpróiseáil isteach le linn na 3 bliana margaíochta deireanacha. Sa bhliain mhargaíochta 2022/23, allmhairíodh 393 371 tona de shiúcra amh agus 236 201 tona de shiúcra bán. Sa bhliain mhargaíochta 2024/25, tháinig méadú ar allmhairí siúcra amh go 587 472 thona, ach tháinig laghdú ar allmhairí siúcra bháin go 154 915 thona, rud a d'fhág gurbh é 742 387 dtona méid iomlán na n-allmhairí siúcra faoin bpróiseáil isteach, méid a chomhfhreagraíonn do 5 % d'éileamh mhargadh an Aontais.

(6) Sna chéad 3 mhí den bhliain mhargaíochta 2025/26, allmhairíodh 257 405 thona de shiúcra amh agus 61 537 dtona de shiúcra bán faoin bpróiseáil isteach. I gcomparáid leis na chéad 3 mhí den bhliain mhargaíochta 2024/25, tháinig méadú 43 % ar úsáid na próiseála isteach. Má leanann an ráta allmhairí sin ar aghaidh mar atá, d'fhéadfadh allmhairí faoin bpróiseáil isteach le haghaidh na bliana margaíochta iomláine a bheith cothrom le 8 % d'éileamh measta an Aontais le haghaidh na bliana margaíochta 2025/26 ar deireadh.

(7) Léiríonn an fhaisnéis atá i bhfógraí na mBallstát maidir le praghsanna siúcra bháin, an limistéar a shaothraítear le biatas siúcra agus táirgeadh siúcra bháin, a cuireadh isteach faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún ([4]) gur tháinig méadú ar tharraingteacht airgeadais an bhairr mar gheall ar an tréimhse praghsanna arda siúcra a bhí ann le déanaí, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar an achar faoi bhiatas siúcra idir na blianta margaíochta 2023/24 agus 2024/25. Tháinig méadú ar an táirgeadh comhfhreagrach siúcra bháin ó 15,6 milliún tona sa bhliain mhargaíochta 2023/24 go 16,6 milliún tona sa bhliain mhargaíochta 2024/25. Le linn na tréimhse céanna, d'fhan éileamh an Aontais cobhsaí ag 15,3 milliún tona.

(8) Mar thoradh ar an infhaighteacht mhéadaithe, ar an éileamh atá ag éirí marbhánta agus ar an laghdú mór ar phraghsanna an mhargaidh dhomhanda, tá meánphraghas siúcra bháin an Aontais ag titim ó bhí tús na bliana 2024 ann. Is é EUR 516 in aghaidh an tona meánphraghas an Aontais is déanaí atá ar fáil i mí Eanáir 2025, atá ina laghdú ar an leibhéal ab airde riamh, is é sin EUR 856 in aghaidh an tona i mí na Nollag 2023.

(9) Is é an freagra a thug roinnt gníomhaithe margaidh de chuid an Aontais ar an rósholáthar táirgeadh biatais siúcra agus siúcra bháin san Aontas a laghdú. Sa bhliain mhargaíochta 2025/26, tháinig laghdú 12 % ar an limistéar faoi shaothrú biatais. Mar sin féin, mar thoradh ar dhálaí fáis fabhracha, níor laghdaíodh an táirgeadh measta ach 3 % go 16 mhilliún tona de shiúcra bán. I bhfianaise staid an mhargaidh dhomhanda, meastar go gcuirfear sciar mór den rótháirgeadh le leibhéil stoic siúcra an Aontais atá mór cheana féin, arbh é a bhí iontu, de réir na bhfógraí ó na Ballstáit a cuireadh isteach faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185, 2,3 milliún tona ag deireadh na bliana margaíochta 2024/25 i gcomparáid le 1,5 milliún tona ag tús na bliana margaíochta 2022/23.

(10) Chomh maith leis an laghdú ar an limistéar faoi shaothrú biatais siúcra, bhí freagairt mhargaidh le sonrú freisin sna honnmhairí siúcra bháin treisithe. Léiríonn staitisticí trádála Eurostat le haghaidh na tréimhse 2022/23 go 2024/25 gur thiontaigh margadh siúcra an Aontais ó mhargadh is glanallmhaireoir go margadh is glanonnmhaireoir. Le linn na tréimhse sin, tháinig méadú ar ghnáth-onnmhairí siúcra ó 0,6 milliún tona go 1,6 milliún tona, ach tháinig laghdú ar ghnáth-allmhairí ó 2,3 milliún tona go 0,6 milliún tona. Léiríonn sé sin an gá laghdaithe le siúcra ó thríú tíortha ar mhargadh an Aontais agus an barrachas i dtáirgeadh an Aontais.

(11) De réir staitisticí trádála Eurostat, idir an bhliain mhargaíochta 2022/23 agus 2024/25, tháinig laghdú ar ghnáthallmhairí agus allmhairí próiseála isteach le chéile ó 3 mhilliún tona go 1,4 milliún tona de shiúcra. Mar sin féin, bhí allmhairí faoin bpróiseáil isteach cothrom le 54 % d'iomlán na n-allmhairí siúcra in 2024/25, i gcomparáid le 21 % in 2022/23. Le linn na chéad 3 mhí den bhliain mhargaíochta 2025/26, ba é 58 % d'iomlán na n-allmhairí sciar na n-allmhairí faoin bpróiseáil isteach. Dá bhrí sin, mar gheall ar an méadú ar úsáid na próiseála isteach, tá an t-éileamh ar shiúcra de thionscnamh an Aontais á dhíláithriú níos mó agus níos mó, agus laghdaíodh éifeacht mhargaidh an laghdaithe ar ghnáthallmhairí agus ar ghnáthonnmhairí méadaithe.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1185/oj).

(12) Thairis sin, leis an aistriú ó ghnáthallmhairí siúcra go hallmhairí faoin bpróiseáil isteach, cuirtear brú breise ar mheánphraghas an Aontais, toisc gur ísle meánluach allmhairiúcháin (Costas Árachas Last-Táille 'CAL') na n-allmhairí faoi phróiseáil isteach ná meánluach CAL na ngnáthallmhairí. Faoin bpróiseáil isteach, is féidir le hoibreoirí an Aontais siúcra atá saor ó dhleacht agus ó mhuirear a allmhairiú ó ionaid tionscnaimh atá níos iomaíche ná ionaid tionscnaimh a bhfuil rochtain fhabhrach acu ar mhargadh an Aontais. Maidir leis an sciar d'allmhairí siúcra amh atá ag dul i méid, a d'fhéadfaí a scagadh agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht ar mhargadh inmheánach an Aontais i gcás nós imeachta próiseála isteach EX-IM, cuireann sé sin brú go háirithe ar phraghsanna siúcra an Aontais tríd an margadh a nochtadh níos mó do phraghsanna ísle an mhargaidh dhomhanda agus cuireann sé moill ar théarnamh an mhargaidh. Laghdaíonn sé freisin éifeachtacht na socruithe maidir le rochtain ar an margadh atá calabraithe go cúramach arna gcaibidliú faoi chomhaontuithe trádála déthaobhacha agus iltaobhacha, a meastar ina leith gur táirge íogair é siúcra, mar a d'iarr an Grúpa Ardleibhéil um Shiúcra sa tuarascáil uaidh an 5 Iúil 2019 ([5]).

(13) Chun léiriú a dhéanamh, sa bhliain mhargaíochta 2024/25, bhí meánluach CAL EUR 469 in aghaidh an tona ar shiúcra cána amh a thagann faoi réim chód AC 1701 14 90 a allmhairíodh faoin bpróiseáil isteach, i gcomparáid le meánluach CAL EUR 604 in aghaidh an tona i gcás gnáthallmhairí siúcra cána amh a thagann faoi réim chód AC 1701 14 10. Ríomhtar na praghsanna CAL sin ar bhonn luach agus ar mhéid na n-allmhairí sin de réir staitisticí trádála Eurostat. Faoi ghnáthallmhairí, tagann siúcra cána amh a allmhairítear chun siúcra bán a fháil isteach faoi chód AC 1701 14 10, atá faoi réir nós imeachta úsáide deiridh. Faoin nós imeachta próiseála isteach, úsáidtear cód AC 1701 14 90 le haghaidh siúcra cána amh a allmhairítear chun siúcra bán a fháil.

(14) Cé go ndéantar allmhairí siúcra faoin bpróiseáil isteach a chothromú le honnmhairí táirgí próiseáilte, déanann úsáid iomarcach na próiseála isteach, go háirithe allmhairiú siúcra cána amh chun siúcra bán a fháil, an t-éileamh ar shiúcra de thionscnaimh an Aontais a dhíláithriú ar mhargadh an Aontais. Tá sí ar cheann de na cúiseanna le lagú sheasamh caibidlíochta tháirgeoirí siúcra an Aontais, cuireann sí moill ar an gconraitheoireacht, agus méadaíonn sí an dóchúlacht go gcarnfar stoic agus go ndéanfar díolacháin a lascainiú. Is féidir leis na héifeachtaí sin an praghasmhúnlú agus an phleanáil díolacháin i margadh an Aontais a athrú agus, dá bhrí sin, cur isteach ar an margadh.

(15) Ar bhonn a bhfuil thuas, measann an Coimisiún gur cuireadh isteach ar mhargadh siúcra an Aontais agus gur dóigh go gcuirfear isteach air a thuilleadh mar gheall ar an sciar allmhairí faoin bpróiseáil isteach atá ag dul i méid an t-am ar fad, go háirithe i gcás siúcra cána amh a úsáidtear chun siúcra bán a fháil ar lú a luach CAL ná luach CAL gnáthallmhairí agus ar lú é go mór ná meánphraghas an Aontais.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart úsáid socruithe próiseála isteach in earnáil an tsiúcra i gcás siúcra cána amh a úsáidtear chun siúcra bán a fháil a chur ar fionraí. Ós rud é go mbaineann an méadú ar allmhairí faoin bpróiseáil isteach go príomha le hallmhairí siúcra cána amh, allmhairí arb é atá iontu an sciar is mó d'úsáid iomlán na próiseála isteach agus a léiríonn an difríocht praghais is mó i gcomparáid le gnáthallmhairí, tá sé comhréireach gan úsáid socruithe próiseála isteach a chur ar fionraí ach go páirteach, is é sin le rá i gcás siúcra cána amh a úsáidtear chun siúcra bán a fháil, agus sa chás sin amháin.

(17) Ionas nach gcuirfear isteach a thuilleadh ar an margadh, ba cheart, dá bhrí sin, deonú údaruithe nua le haghaidh próiseáil isteach siúcra amh a thagann faoi réim chóid AC 1701 13 90 agus 1701 14 90 a úsáidtear chun siúcra bán a fháil agus úsáid siúcra mar earraí coibhéiseacha mar a thugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn 71-04 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a chur ar fionraí ó lá foilsithe an Rialacháin seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar aghaidh. Chun deimhneacht dhlíthiúil a choinneáil ar bun agus ionas nach gcuirfear isteach ar oibleagáidí conarthacha atá i bhfeidhm cheana trí údaruithe a deonaíodh cheana, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse 30 lá, agus ina dhiaidh sin ba cheart na húdaruithe sin atá ann cheana lena dtugtar an ceart próiseáil isteach a úsáid le haghaidh siúcra cána amh nó earraí coibhéiseacha a úsáid a chur ar fionraí.

(18) I bhfianaise na meastachán táirgthe le haghaidh na bliana margaíochta 2025/26 agus na stoc carntha a thabharfar anonn go dtí an bhliain mhargaíochta 2026/27, meastar go leanfaidh an baol de bheith ann go gcuirfear isteach ar an margadh mar gheall ar allmhairí faoin bpróiseáil isteach tar éis dheireadh na bliana margaíochta reatha 2025/26. Is iomchuí, dá bhrí sin, na socruithe ábhartha próiseála isteach le haghaidh siúcra cána amh a chur ar fionraí ar feadh tréimhse 12 mhí go dtí an [27 Bealtaine 2027]. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thionchar na fionraí laistigh de 6 mhí ón dáta a thiocfaidh sí i bhfeidhm.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta – Barra Curaíochta agus Ola Olóige,

([5]) https://agriculture.ec.europa.eu/farming/crop-productions-and-plant-based-products/sugar_ga.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar aghaidh, cuirtear úsáid socruithe próiseála isteach ar fionraí i leith siúcra cána amh a thagann faoi réim chóid AC 1701 13 90 agus 1701 14 90 a úsáidtear chun táirgí próiseáilte a thagann faoi réim chód AC 1701 99 10 (siúcra bán) a fháil.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le hallmhairí a dhéanfar faoi shocruithe próiseála isteach le linn tréimhse 30 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, de bhun údaruithe a bheidh bailí an dáta sin.

*Airteagal 2*

Laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thionchar na fionraí dá bhforáiltear in Airteagal 1 agus déanfaidh sé aon bheart iomchuí is gá.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 27 Bealtaine 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN